

AN PHOENIX

Bhí éan ann fadó agus sé an chaoi a shíolruigheadh sé as luatha. Bhíodh sé seacht mbliana beo. Bhuaileadh sé é féin d'eiltreog i n-aghaidh aille, lasadh sé annsin agus thuiteadh sé ar bun na haille agus é marbh. dhéanadh sé luatha annsin agus bliain ina dhiaidh sin d'eirigheadh éan óg as an luatha, agus mhaireadh sé sin seacht mbliana arís go lasadh sé féin. Ní tháinig an dara héan aca ariamh i n-éinfeacht, agus bhíodh bliain gan aon cheann ann, an bhliain a bhíodh an luatha ag bun na haille.

“Ba mhaith an aill í sin ag an éan a síolruigheadh ar a luatha,” sin é a dubhairt an fear a d’innis an sgéal dom. Bhíomar ina seasamh ag bun aille.